Gairmeacha eolaíochta don Bhunscoil

# Sórtálaí cártaí scileanna


ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY

# Cé na scileanna a theastaíonn ó na heolaithe seo ina bpost?





















# Múinteoir eolaíochta



Cabhraíonn múinteoirí eolaíochta le scoláirí an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun fadhbanna a réiteach a fhoghlaim. D'fhéadfadh múinteoirí eolaíochta oibriú i scoil, coláiste nó ollscoil, ag roinnt a n-eolais le scoláirí. Cabhraíonn múinteoirí le scoláirí an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun fadhbanna a réiteach a fhoghlaim. Is maith le múinteoirí oibriú le daoine óga agus go hiondúil bíonn saineolas ag múinteoirí ar ábhar faoi leith, ar nós inneall nó ainmhithe.



# Altra tréidliachta



Cabhraíonn altraí tréidliachta le cúram othar ainmhithe, cabhraíonn siad leis an tréidlia i rith obráidí agus glanann siad uirlisí máinliachta i ndiaidh na hobráide. Is breá le haltraí tréidliachta gach cineál ainmhí agus bíonn spéis acu in ainmhithe a choinneáil folláin.



# Pailé-ointeolaí

Déanann pailé-ointeolaithe staidéar ar iontaisí chun foghlaim faoi stair na beatha ar Domhan. Déanann siad iontaisí a thochailt, a ghlanadh agus a scrúdú. D'fhéadfaidís oibriú i saotharlann nó taobh amuigh, i gcúinsí deacra uaireanta.





# Bia-eolaí



Dearann agus déanann bia-eolaithe táirgí bia nua, nó d'fhéadfaidís anailís a dhéanamh ar bhia chun a chinntiú go bhfuil lipéid bhia chothaithe cruinn. Bíonn spéis ag bia-eolaithe i mblas, uigeacht, cothú agus sábháilteacht bia, agus sa mhéid a tharlaíonn do chomhábhair dhifriúla nuair a dhéantar iad a chócaráil nó a reo.



# Innealtóir struchtúr



Dearann innealtóirí struchtúr struchtúir ar nós foirgneamh agus droichead le ríomhtheicneolaíocht. Caithfidh eolas maith a bheith acu ar mhatamaitic agus innealtóireacht le go dtuigfidh siad na fórsaí ar struchtúr agus le go mbeidh siad in ann é a dhéanamh láidir.




# Geolaí



Déanann geolaithe staidéar ar an Domhan agus ar an gcaoi ar cruthaíodh é. D'fhéadfaidís breathnú ar dhromchla an Domhain nó teicneolaíocht a úsáid chun suirbhéireacht a dhéanamh go domhain faoin talamh agus a struchtúr a fheiceáil. D'fhéadfadh geolaithe oibriú le ríomhairí nó a bheith taobh amuigh ag breathnú ar an talamh agus ag bailiú samplaí.



# Poitigéir míochaine



Meascann poitigéirí míochaine ceimiceáin chun cógais a dhéanamh chun cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil tinnis nó galair orthu. Bíonn spéis acu in eolaíocht a úsáid chun cabhrú le daoine eile. Oibríonn poitigéirí míochaine i saotharlann go hiondúil.



# Teicneoir datha (gruaige)



Is cineál gruagaire iad teicneoirí datha a úsáideann eolaíocht agus dearadh agus teicneolaíocht chun ruaimeanna gruaige difriúla a chruthú agus a úsáid chun dath a chur ar ghruaig. Is maith le teicneoirí gruaige oibriú le go leor daoine difriúla.



# Eolaí taighde



Déanann eolaithe taighde turgnaimh a phleanáil agus a dhéanamh. D'fhéadfaidís oibriú i réimsí difriúla ar nós taighde míochaine, dearadh cadhnraí nó ríomheolaíocht. Bíonn eolaithe taighde ag obair i gcineálacha difriúla eagraíochtaí, ar nós gníomhaireachtaí rialtais, ollscoileanna agus comhlachtaí príobháideacha. Oibríonn eolaithe i bhfoirne go minic, ach bíonn roinnt i mbun taighde leo féin freisin agus cuirfidh siad a gcuid oibre in iúl do dhaoine eile.



# Déantóir bréagán



Dearann agus déanann déantóirí bréagán bréagáin nua. Roghnaíonn siad ábhair go cúramach chun bréagáin a oibríonn i gceart a dhéanamh. Caithfidh déantóirí bréagán a bheith cruthaitheach agus spéis a bheith acu sna rudaí a dtaitníonn le páistí spraoi leo. Chomh maith leis sin, teastaíonn tuiscint ar an méid a dhéanann ábhair dhifriúla. Mar shampla, teastaíonn ábhar sínteach i liathróid phreabach agus caithfidh brící plaisteacha a bheith láidir.



# Aireagóir



Cruthaíonn agus aimsíonn aireagóirí rudaí nua. Déanann siad iarracht teacht ar bhealaí chun fadhbanna a réiteach, mar sin caithfidh siad a bheith cruthaitheach agus fiosrach. Oibríonn aireagóirí in go leor réimsí difriúla, ar nós eolaíocht na n-ábhar nó ríomhtheicneolaíochta.



# Raideolaí



Is cineál dochtúra iad raideolaithe a úsáideann íomháú liachta ar nós X-ghathanna nó scanadh MRI chun tacú le diagnóis agus cóir leighis a chur ar dhaoine a bhfuil tinnis nó gortuithe éagsúla orthu. Oibreoidh siad le hothair agus dochtúirí, ag déanamh an íomháithe a theastaíonn agus ag léirmhíniú na n-íomhánna a fheiceann siad.



# Fisiteiripeoir



Cabhraíonn fisiteiripeoirí le daoine ar bhain gortú, tinneas nó míchumas dóibh. Cabhraíonn siad le hothair trí ghluaiseacht agus aclaíocht, agus cuireann siad teiripe láimhe, oideachas agus comhairle ar fáil. Oibreoidh siad le hothair in ospidéil, clinicí agus ina n-áit chónaithe.



# Zó-eolaí



Is bitheolaithe iad zó-eolaithe a dhéanann staidéar ar ainmhithe agus a n-iompar. D'fhéadfaidís oibriú i zúnna, uisceadáin, i saotharlanna taighde nó taobh amuigh ag déanamh taighde ar ainmnithe ina ngnáthóg nádúrtha. Bíonn ar zó-eolaithe a dtorthaí a chur in iúl d'eolaithe eile nó don phobal mór go hiondúil.

# Aigéaneolaí



Baineann aigéaneolaithe úsáid as teoiricí matamaitice, innealtóireachta agus eolaíochta chun na haigéin a iniúchadh agus a dtorthaí a chur in iúl d'eolaithe eile. Breathnaíonn siad ar na naisc idir fíoruisce, sáile, an t-atmaisféar agus caidhpeanna polacha. D'fhéadfaidís staidéar a dhéanamh ar bheathra muirí, grinneall an aigéin, ceimiceáin i sáile, teocht uisce, taoidí agus sruthanna.

